CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/2050 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2018/1220 ón gCoimisiún maidir le rialacha nós imeachta an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]) agus go háirithe Airteagal 143(4),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh rialacha nós imeachta an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 le Cinneadh (AE) 2018/1220 ón gCoimisiún ([2]). Chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus ar éifeachtacht an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh ('EDES') ar leis an gCoimisiún é, is gá a áirithiú go ndéanfaidh oifigigh ardleibhéil atá speisialaithe i gcúrsaí frithchalaoise agus cosanta buiséid ionadaíocht ar an gCoimisiúin sa phainéal sin.

(2) Chuige sin, tar éis Cinneadh ón gColáiste an 11 Iúil 2023 lena gcruthaítear post sealadach mar Phríomhchomhairleoir BUDG.PA02 'Saincheisteanna airgeadais agus dlí, an smacht reachta, cosc ar chalaois agus EDES' ([3]), ba cheart sealbhóir an phoist sin a bheith ar dhuine den bheirt bhuanionadaithe ar an gCoimisiún.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2018/1220 a leasú dá réir.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 5(1) de Chinneadh (AE) 2018/1220, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Príomhchomhairleoir AS BUDG atá freagrach as 'Saincheisteanna airgeadais agus dlí, an smacht reachta, cosc ar chalaois agus EDES' in Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid, tá sé ar dhuine de bheirt bhuanchomhaltaí an phainéil a dhéanann ionadaíocht ar an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 143 (2)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Ainmneoidh Ard-Stiúrthóir an Bhuiséid oifigeach a thagann ar a laghad ó phost de chineál cinn aonaid nó a choibhéis chun ionadaíocht a dhéanamh ar an mbuanchomhalta sin. '

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

([2]) Cinneadh (AE) 2018/1220 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2018 maidir le rialacha nós imeachta an phainéil dá dtagraítear in Airteagal 143 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 226, 7.9.2018, lch. 7).

([3]) Pointe 8, an dara fleasc, de na cinntí riaracháin agus buiséadacha a rinne an Coimisiún ag an 2 464ú cruinniú a bhí aige an 11 Iúil 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN